2007. S73T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2007

# OIDEACHAS REILIGIÚNACH – GNÁTHLEIBHÉAL

Líon Iomlán Marcanna: 400

DÉARDAOIN, 14 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go 4.00

## *Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí*

1. Scríobh do SCRÚDUIMHIR sa bhosca seo: [ ]

2. SCRÍOBH NA FREAGRAÍ UILE SA FHREAGARLEABHAR SEO.

3. NÍ MÓR DUIT NA 4 ROINN AR AN bPÁIPÉAR SEO A FHREAGAIRT.

***Don Fheitheoir amháin***

***Stampa an Ionaid***

***Don Scrúdaitheoir amháin***

| Ceist | Marc |
|---|---|
| ROINN 1 | |
| ROINN 2 | |
| ROINN 3 | |
| ROINN 4 Ceist 1 | |
| ROINN 4 Ceist 2 | |
| ROINN 4 Ceist 3 | |
| ROINN 4 Ceist 4 | |
| ROINN 4 Ceist 5 | |
| ROINN 4 Ceist 6 | |
| Marc don Pháipéar | |
| Bónas ar fhreagairt trí Ghaeilge | |
| Iomlán | |
| Marc don Dialann | |
| Móriomlán | |
| Grád | |

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh | |
| 2. Comhiomlán na gceisteanna uile a dícheadaíodh | |
| 3. Marc iomlán bronnta (1 lúide 2) | |
| Nóta: Bíodh an marc i sraith 3 thuas cothrom leis an marc sa bhosca "Marc don Pháipéar" thall. | |

## ROINN 1

(80 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

NÍ MÓR DUIT **DEICH** gCINN DEN FICHE CEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

SNA CEISTEANNA INA nIARRTAR ORT TIC ✓ A CHUR SA BHOSCA CUÍ, NÁ CUIR TIC ACH I mBOSCA **AMHÁIN.**

**(Gabhann 8 marc le gach ceist)**

**1.** Is é atá san ildiachas ná ______________________________

**2.** Is duine tábhachtach é Mahamad i scéal bunaithe reiligiúin dhomhanda **amháin** díobh seo a leanas - (Cuir tic ✓sa bhosca cuí)

An Búdachas ☐ An tIoslamachas ☐ An Giúdachas ☐

**3.** Sna traidisiúin reiligiúnacha ciallaíonn 'peaca'______________________________

______________________________

**4.** Grúpa amháin de cheannairí reiligiúnacha Giúdacha in aimsir Íosa ba ea – (Cuir tic ✓sa bhosca cuí)

na Ceantúirí ☐ na Gobharnóirí ☐ na Fairisínigh ☐

**5.** Sna traidisiúin reiligiúnacha, is é atá in íocón ná ______________________________

______________________________

**6.** Bhí cumhacht pholaitiúil ag na Rómhánaigh sa Phalaistín in aimsir Íosa. (Cuir tic ✓sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**7.** Sampla amháin de chód reiligiúnach morálta is ea ______________________________

**8.** Reiligiún domhanda atá ina shampla d'aondiachas is ea ______________________________

**9.** Is soiscéal sionoptach é Soiscéal Eoin. (Cuir tic ✓sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**10.** Sna traidisiúin reiligiúnacha ciallaíonn 'misean'______________________________

______________________________

**11.** Cé acu ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a luaitear Conair na nOcht Rian leis. (Cuir tic ✓sa bhosca cuí)

An Búdachas ☐ An Hiondúchas ☐ An tIoslamachas ☐

**12.** Sa traidisiún Críostaí déantar ceiliúradh um Chincís ar theacht an Spioraid Naoimh ar na deisceabail tar éis bhás agus aiséirí Íosa. (Cuir tic ✓sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**13.** Cé acu sainchreideamh Críostaí in Éirinn a bhfuil an tArdeaspag Diarmuid Martin ina cheannaire air?

________________________________________________

**14.** Cé acu ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a luaitear an Menorah leis? (Cuir tic ✓sa bhosca cuí)

An Búdachas ☐ An tIoslamachas ☐ An Giúdachas ☐

**15.** Agus duine ag cuardach bhrí na beatha, ciallaíonn 'machnamh'________________________________

________________________________________________

**16.** Úsáideann duine a c(h)oinsias chun ________________________________________

**17.** Léigh liosta na dtéacsanna beannaithe agus liosta na reiligiún domhanda a thugtar thíos. Tá téacs beannaithe amháin meaitseáilte leis an reiligiún is mó a mbaineann sé leis, mar shampla duit. Déan péire **amháin** eile a mheaitseáil.

| *Téacsanna beannaithe* | *Reiligiúin* |
|---|---|
| Na Soiscéil | An Búdachas |
| Scrioptúir na nEabhrach /Tenakh | An Chríostaíocht |
| Na Trí Chiseán/Tripitaka | An Hiondúchas |
| An Córán/Qur'an | An tIoslamachas |
| Na Véidí | An Giúdachas |

| | | |
|---|---|---|
| *Sampla:* | Na Soiscéil | An Chríostaíocht |
| *Freagra:* | | |

**18.** Sna traidisiúin reiligiúnacha ciallaíonn 'gairm'________________________________________

**19.** Sampla amháin de shacraimint Chríostaí is ea an Baiste.
Ainmnigh sacraimint Chríostaí eile ________________________________________

**20.** Tá an creideamh san athioncholllú tábhachtach i gceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas -

(Cuir tic ✓sa bhosca cuí)

An Hiondúchas ☐ An tIoslamachas ☐ An Giúdachas ☐

## ROINN 2

(60 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

ROGHNAIGH **TRÍ** CINN DE NA GRIANGHRAIF SEO A LEANAS AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA ATÁ LE GACH CEANN DÍOBH.

**(Gabhann 20 marc le gach ceist)**

**Ceist 1. Seo grianghraf de shiúr reiligiúnach agus í ag freastal ar riachtanais daoine eile.**



*Veritas*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** sa ghrianghraf a thaispeánann go bhfuil an tsiúr reiligiúnach seo ag freastal ar riachtanais daoine eile.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

(6 mharc)

**B.** Ainmnigh sampla **amháin** de phobal.

________________________________________

(6 mharc)

**C.** Mol cúis **amháin** a dteastaíonn ó dhaoine bheith mar chuid de phobal.

________________________________________


________________________________________

________________________________________

________________________________________

(8 marc)

**Ceist 2. Tá an líníocht seo bunaithe ar an Suipéar Déanach.**



*Octopus Books Ltd.*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** sa líníocht a thaispeánann gurb é seo an Suipéar Déanach.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

(6 mharc)

**B.** Cé acu lá de na laethanta seo a leanas a rinne Íosa an Suipéar Déanach a cheiliúradh? (Cuir tic ✓sa bhosca cuí)

Dé Céadaoin ☐ Déardaoin ☐ Dé hAoine ☐

(6 mharc)

**C.** Tabhair fáth **amháin** a raibh an Suipéar Déanach tábhachtach do na chéad Chríostaithe.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

(8 marc)

**Ceist 3. Taispeánann an grianghraf seo sampla den mhaoirseacht.**



*www.conservancy.bc.ca*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** sa ghrianghraf a thaispeánann gur sampla den mhaoirseacht é seo.

________________________________________

(6 mharc)

**B.** Cad is maoirseacht ann?

________________________________________

(6 mharc)

**C.** Déan cur síos ar shampla **eile** den mhaoirseacht.

________________________________________

(8 marc)

**Ceist 4. Seo grianghraf de dhaoine agus a reiligiún á chleachtadh acu.**



*Flame Tree Publishing*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** sa ghrianghraf seo a thaispeánann go bhfuil a reiligiún á chleachtadh ag na daoine seo.

________________________________________

(6 mharc)

**B.** Luaigh slí **eile** inar féidir le daoine a reiligiún a chleachtadh.

________________________________________

(6 mharc)

**C.** Déan cur síos ar rud **amháin** a bhféadann tionchar a bheith aige ar an tslí a ndéanann daoine a reiligiún a chleachtadh.

________________________________________

(8 marc)

## ROINN 3

(60 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

*Anseo a leanas tá agallamh faoi conas mar a dhéileáil teaghlach le robáil.*

LÉIGH AN tAGALLAMH GO CÚRAMACH AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA GO LÉIR A LEANANN É.

Agallóir: Inis dúinn cad a tharla nuair a briseadh isteach i do theach.

Dara: Nuair a tháinig mé abhaile ón scoil, fuair mé an doras tosaigh ar oscailt agus bhí ár dtroscán go léir caite timpeall laistigh den teach. Bhí Mam le cloisteáil sa chistin agus í ag caint ar an bhfón le Garda.

Agallóir: An raibh aon rud ar iarraidh?

Dara: Airgead agus seodra is mó a tógadh. An rud is measa ar fad ná gur tógadh seodra Mhamó óna seomra. Ní raibh a fhios ag Mam ná agamsa conas a déarfaimis léi go raibh a fáinne pósta imithe.

Agallóir: Conas a chuaigh sé sin i bhfeidhm ar do sheanmháthair nuair a fuair sí amach?

Dara: Ar dtús bhí sí suaite agus trína chéile. Tháinig fearg mhór orm nuair a chonaic mé chomh gortaithe agus a bhí sí. Pé duine a thóg an fáinne, caithfidh go bhfaca sé na focail air: *'le grá ó d'fhear céile ar lá ár bpósta – 1960'.* Níos déanaí, nuair a thug mé cupán tae di, theastaigh uaithi a fháil amach an raibh mé ceart go leor.

Agallóir: Agus an raibh tú ceart go leor?

Dara: Bhí mé trína chéile go mór agus lán d'fhearg go dtógfadh duine éigin fáinne pósta Mhamó.

Agallóir: Conas a dhéileáil do sheanmháthair leis an suaitheadh?

Dara: Chuir Mamó an scanradh di ach níor thaitin sé léi go raibh mé chomh mór sin trína chéile. Dúirt sí go ndearna sí guí mar gheall air agus gur theastaigh uaithi an robáil a mhaitheamh do pé duine a thóg a fáinne. Cheap sí nárbh aon mhaith di a cuid cuimhní ar Dhaideo a lot leis an bhfearg.

Agallóir: Ar chabhraigh creideamh do sheanmháthar léi déileáil leis an robáil?

Dara: Labhraíomar faoi. Dúirt sí nár cheart rud a ghoid. Ach ag an am céanna dúirt Mamó nár mhaith léi drochbharúil a bheith aici de dhuine eile díreach toisc gur caitheadh go holc léi féin. Creideann sí gur ceart caitheamh le daoine eile sa tslí chéanna ar mhaith leat go gcaithfí leat féin, fiú nuair a ghoilleann sé sin ort.

Agallóir: Conas a chuaigh dearcadh do sheanmháthar ar an robáil i bhfeidhm ort?

Dara: Ceapaim go bhfuil an ceart aici. Ní leor rud a mhaitheamh do dhaoine díreach nuair a bhíonn sé éasca. Caithfidh tú rudaí a mhaitheamh dóibh freisin nuair a bhíonn sé deacair. Is trua liom gur tharla an briseadh isteach ach ceapaim go bhfuil Mamó críonna sa tslí ar dhéileáil sí leis.

**1.** Agus an t-agallamh seo léite agat, déan cur síos ar **dhá** shlí inar chuir an robáil isteach ar theaghlach Dhara.

i. ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

ii. ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

(16 mharc)

**2.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí a raibh tionchar ag a creideamh reiligiúnach ar dhearcadh sheanmháthair Dhara ar an robáil.

i.

ii.

(20 marc)

**3.** a. I dtraidisiún reiligiúnach, cad is brí le 'maithiúnas'?

(8 marc)

b. Tabhair breac-chuntas ar shlí **amháin** ar féidir maithiúnas a fheiceáil san agallamh seo.

(16 mharc)

## ROINN 4

(200 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 60 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

FREAGAIR **CÚIG** CINN DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS.

**(Gabhann 40 marc le gach ceist)**

**Ceist 1. POBAIL CHREIDIMH**

**A.** a. Is é a ghlaotar ar fhuath do dhuine eile de bharr reiligiúin ná - (Cuir tic ✓sa bhosca cuí)

Éacúiméineachas ☐ Daonnachas ☐ Seicteachas ☐ (8 marc)

b. Déan cur síos ar shampla **amháin** de dhaoine agus iad i gcoimhlint le chéile de bharr an reiligiúin atá acu.

(10 marc)

**B.** a. Déan cur síos ar shampla **amháin** de dhaoine agus iad ag obair chun meas a chothú ar chreidimh dhaoine eile.

(10 marc)

b. Tabhair **dhá** chúis a n-oibríonn daoine chun meas a chothú ar chreidimh daoine eile.

i. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

ii. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(12 mharc)

## Ceist 2. BUNÚS AN REILIGIÚIN – AN CHRÍOSTAÍOCHT

**A.** D'fhéadfadh na ceannlínte seo a bheith ar na páipéir sa Phalaistín in aimsir Íosa.

a. Cuir tic ✓ le ceann amháin de na ceannlínte seo a leanas agus ainmnigh eachtra **amháin** i saol Íosa a bhféadfadh sé cur síos a dhéanamh air.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Cuireann Íosa fáilte roimh pheacaigh** - *Iris na Gailíle* | **Caitheann Íosa go cothrom le mná** - *Scéala Bheithil* | **Deir Íosa gur beannaithe iad na boicht** - *Nuacht Nazarat* | **"Gráigh do naimhde" arsa Íosa** - *Nuachtán Iarúsailéim* |
| ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |

Ainm na heachtra i saol Íosa ______________________________________________

______________________________________________

(8 marc)

b. Déan cur síos ar cad a tharla san eachtra i saol Íosa atá ainmnithe agat thuas.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(10 marc)

**B.** Mínigh cén fáth a raibh ionadh ar dhaoine de bharr na rudaí a dúirt Íosa faoi Ríocht Dé.

(12 mharc)

**C.** Déan cur síos ar ócáid **amháin** ina raibh ceannairí reiligiúnacha i mbun coimhlinte le hÍosa de bharr na rudaí a dúirt sé faoi Ríocht Dé.

(10 marc)

**Ceist 3.** **BUNÚS AN REILIGIÚIN – NA MÓR-REILIGIÚIN DHOMHANDA**

**A.** Roghnaigh ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas a bhfuil staidéar déanta agat air.

(Cuir tic ✓i mbosca **amháin**)

An Búdachas ☐ An Hiondúchas ☐ An tIoslamachas ☐ An Giúdachas ☐

a. Ainmnigh áit oilithreachta **amháin** ar mó an bhaint atá aige leis an reiligiún domhanda a bhfuil tic curtha agat leis thuas ______________________

(8 marc)

b. Déan cur síos ar cad is féidir a fheiceáil san áit oilithreachta atá ainmnithe agat thuas.

(10 marc)

**B.** Tabhair **dhá** chúis a dtéann daoine ar oilithreacht chuig an áit atá ainmnithe agat thuas.

i.

ii.

(12 mharc)

**C.** Roghnaigh ceann **amháin** de na hionaid adhartha seo a leanas ar mó an bhaint atá aige le reiligiún domhanda a bhfuil staidéar déanta agat air. (Cuir tic ✓ i mbosca **amháin**)

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Mandir/ Teampall<br>- An Hiondúchas | ☐ | Mosc<br>- An tIoslamachas | ☐ | Sionagóg<br>- An Giúdachas | ☐ | Teampall<br>- An Búdachas | ☐ |

Déan cur síos ar cad is féidir a fheiceáil san ionad adhartha a bhfuil tic curtha agat leis thuas.

(10 marc)

## Ceist 4. CEIST AN CHREIDIMH

**A.** *Agus is é do Dhia an t-aon Dia amháin! Níl aon dia ach É.*

Mínigh conas atá an phaidir sin ina sampla den aondiachas.

(10 marc)

**B**. a. Déan cur síos ar **dhá** rud a bhaineann go sonrach le creideamh linbh.

i.

ii.

(18 marc)

b. Déan cur síos ar rud **amháin** a bhaineann go sonrach le creideamh aibí (an duine lánfhásta).

(12 mharc)

**Ceist 5.** **CEILIÚRADH AN CHREIDIMH**

**A.** Bíonn séasúir agus laethanta speisialta sa bhliain a mbíonn tábhacht reiligiúnach leo do bhaill na reiligiún domhanda.

a. Ainmnigh séasúr *nó* lá speisialta **amháin** sa bhliain a bhfuil tábhacht leis do bhaill reiligiúin dhomhanda a bhfuil staidéar déanta agat air ______________________________________________

(8 marc)

b. Tabhair cúis **amháin** a bhfuil an t-am atá ainmnithe agat thuas tábhachtach do bhaill an reiligiúin dhomhanda a bhfuil baint aige leis.

(12 mharc)

**B.** a. Ainmnigh searmanas reiligiúnach **amháin** a leagann béim ar an tábhacht atá le séasúr *nó* le lá speisialta sa bhliain i reiligiún domhanda a bhfuil staidéar déanta agat air.

Ainm an tsearmanais reiligiúnaigh ______________________________________________

(8 marc)

b. Tabhair breac-chuntas ar cad a tharlaíonn sa searmanas reiligiúnach atá ainmnithe agat thuas.

(12 mharc)

**Ceist 6.** **DÚSHLÁN NA MORÁLTACHTA**

**A.** a. I dtraidisiún reiligiúnach, cad is brí le 'ceartas'?

(8 marc)

b. Déan cur síos ar shuíomh **amháin** inar gá do dhaoine oibriú ar son an cheartais.

(10 marc)

**B**. a. Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda sa liosta thíos a bhfuil staidéar déanta agat air.

| An Búdachas | An Chríostaíocht | An Hiondúchas | An tIoslamachas | An Giúdachas |
|---|---|---|---|---|
| ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** rud a d'fhéadfadh baill de reiligiún domhanda a dhéanamh chun oibriú ar son an cheartais sa suíomh a bhfuil cur síos déanta agat air thuas.

i.

ii.

(10 marc)

b. Tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** a n-oibreodh baill an reiligiúin dhomhanda, a bhfuil tic curtha agat leis thuas, ar son an cheartais.

(12 mharc)